Blastie is ainm dom.

Tá mé beag
bídeach, agus níl tú
in ann mé a
fheiceáil...

ach amháin má tá
micreascóp agat!



Is breá liom a bheith ag imirt sa talamh. "Tochail, tochail!" a deir Blastie.




"Is breá liom ag lapadáil san uisce", a deir Blastie.




Lá amháin, casann Blastie le bó.

"Dia duit, a bhó!" a deir Blastie.
"Bóó!" a deir an bhó.




An lá céanna, casann Blastie le cearc.
"Dia duit, a chearc!" a deir Blastie.
"Cluic!" a deir an chearc.



Casann Blastie le páiste freisin.



“Dia dhuit, a chara!” arsa Blastie.
“Dia’s Muire dhuit, a Bhlastie!” arsa an páiste.



... sa talamh,

i ndaoine, in ainmhithe,

agus fiú amháin san uisce!

Níl Blastie ina aonar ach déanann sé cairde le miocróib bheaga eile sa bholg.
Imríonn siad, labhraíonn siad, agus uaireanta bíonn siad ag argóint.
Le chéile, maireann siad in comhardú.



Tugtar Aon-Sláinte air sin.
Tá ainmhithe, daoine agus an dúlra go léir ceangailte lena chéile.



De bharr sin, gach uair a ólann tú uisce glan, a nighíonn tú do lámha  agus a thugann tú aire d’ainmhithe, cuimhnigh é seo:



tá Blastie mar chuid dár ndomhan mór gnóthach!



Tá ár mboilg lán de beatha bheag bídeach. Cabhraíonn roinnt miocróib linn, maireann cuid eile linn gan dochar, agus tá roinnt ann fós atá á bhfoghlaim againn faoi, cosúil le *Blastie*.

Agus sin é an rud is spreagúla!

Tá an oiread sin nach bhfuil ar eolas againn fós. Tá eolaithe fós ag fáil amach cad a dhéanann an créatúr beag seo, conas a mhaireann sé agus cén chaoi a n-oireann sé isteach leis na cairde beaga bídeacha eile atá inár mbolg.

Mar sin, nuair a chloiseann tú focal mór eolaíochta cosúil le Blastocystis, is féidir leat miongháire a dhéanamh agus a rá: “Tá a fhios agam cad is brí leis sin: tá domhan iontach ann, lán de rúin fós le fáil amach.”



Blastocystis
under One Health